



Rabharta Domhanda i gCoinne an Chiníochais

Comhar, November 2001

T. Mc Gonagle

This article was written by Tarlach Mac Congáil of the Institute for Information Law (IViR), the University of Amsterdam, for the November 2001 edition of Comhar, one of the leading Irish-language monthly magazines. It examines the intertwined destinies of two historical events which took place in September 2001: the convening in Durban of the World Conference against Racism, Racial Discrimination, Xenophobia and Related Intolerance and the bombing of the World Trade Center in New York a few days after the conclusion of the World Conference. The heightening of racist tensions in the aftermath of the bombing is likely to render the implementation of the Declaration and Programme of Action agreed upon at the World Conference even more difficult than would otherwise have been the case, the author argues.

Tuilte nua ag cartadh na staire leo

Cuireadh dhá chor chinniúnacha i stair an domhain i mí Mheán Fómhair seo caite. Ar an gcéad dul síos, tionóladh an Chomhdháil Dhomhanda i gcoinne an Chiníochais faoi choimirce na Náisiún Aontaithe i nDurban na hAfraice Theas. Chuir an Chomhdháil dlús leis an bhfeachtas domhanda in aghaidh na héagothromaíochta ciníochaí. As a aithle sin, baineadh tuisle de lucht an fheachtais nuair a rinneadh snaois de Thúir an WTC i Nua-Eabhrac. Nuair a tharla an tubaiste úd, rinneadh urú ar an néal dóchais a bhí mar luach cruashaothair ag lucht na Comhdhála.

B'fhollas do chách, tráth a dtuismidh i nDurban, nach mbeadh sa Ráiteas Domhanda agus sa Chlár Oibre a d'eascair ón gComhdháil ach tús aistir fhadscríobaigh. B'fhollas – ó aighneasacht na ndíospóireachtaí le linn na Comhdhála – go ndéanfaí focal agus prionsabail lucht sínithe an Ráitis (.i. ionadaithe stáit ó gach cearn den domhan) a thástáil a luaithe is a thabharfaidís faoina gcuid dualgas nuadhréachtaithe a chomhlíonadh. Bhí constaicí móra ar an ród rompu, leoga, ach nuair a d'adhain buamáil an WTC seanfhaltanais chiníocha idir fathaigh an Iarthair agus antoiscigh an Oirthir, ba thearc duine a chreid nárbh fhál go haer an fhearg a ghlac seilbh ar Mheiriceá agus beagnach gach tír eile ar domhan. I dtús báire, díríodh an fhearg chéanna ar na sceimhlitheoirí a bhí faoi deara an ollscriosta, ach níorbh fhada gur leathnaigh a raon go cine iomlán.

Cúlra na Comhdhála

Ó bunaíodh na Náisiúin Aontaithe i 1945, tá sé mar rún dochloíte ag an eagraíocht cúl droma a thabhairt don aimsir chaite agus dul thar Rubicon na héadulaingthe agus an

fhuatha. Tá a fhianaise sin sa chéad abairt de Réamhrá an Dearbhuithe Uile-choiteann um Chearta an Duine (1948): “De bhrí gurb é aithint dínite dúchais agus chearta comhionanna do-shannta an uile dhuine den chine daonna is foras don tsaoirse, don cheartas agus don tsíocháin sa domhan...”

Chuir toscairí stáit ó gach cearn den domhan síol an fhrithchiníochais i luaithreach an Dara Léirscrios Domhanda. Ar thoradh moille, tháinig an síol sin i gcrann agus bhí baint an fhómhair ann ar go leor bealaí nuair a reáchtáladh an Chomhdháil Dhomhanda ar na mallaibh. Thug an Chomhdháil áiméar dá raibh i láthair ar shúil chriticiúil a chaitheamh ar an am atá thart agus ar shúil réadúil a chaitheamh ar a bhfuil le teacht.

Cruacheisteanna cíortha

Coincheap íogair, iltoiseach atá sa chiníochas agus is rídheacair teacht ar shainmhíniú cuimsitheach, críochnúil ar an téarma a d'fhéadfadh dlisteanacht uilíoch a bhaint amach. Sin ceacht arbh éigean do lucht na Comhdhála a fhoghlaim gan aon agó. Níor staon siad ó dhul i ngleic le go leor ceisteanna conspóideacha. Stair shlabhrach an chine dhaonna is túsce a thagann chun cuimhne i dtaca le conspóidí na Comhdhála de. Is iomaí tír a d'éiligh leithscéal agus cúiteamh airgeadais ó na hiarchumhachtaí coilíneacha in éiric éagóirí iomadúla na haimsire caite, go sonrach an sclábhaíocht. Murar éirigh leo cúiteamh a bhaint amach, níl dul séantach go bhfuil tábhacht nach beag ag baint leis an admháil sa Ráiteas gur coir in aghaidh an chine dhaonna an sclábhaíocht.

Bhí tíortha áirithe eile i bhfách le 'Zionism' a chur taobh istigh de limistéar sainmhínithe an chiníochais. Níor éirigh leo. Os a choinne sin, áfach, bhí polasaithe agus cleachtais Rialtas Iosraeil san am i láthair ina gcnámh mór spairne ag an gComhdháil. Rinneadh sceanach ar Iosrael ar an ábhar sin agus d'éirigh toscairí na tíre siúd as a gcuid rannpháirtíochta san iomarbhá. Bhí toscairí Mheiriceá sna sála orthu, mar chomhartha cairdis/dlúthpháirtíochta. Bhí an baol ann ansin go n-imeodh long na taidhleoireachta ar a hábhar féin, ach níorbh ann di.

Cé gur thug na meáin chumarsáide i gcoitinne tús áite do bhrúchtadh na gconspóidí thuasluaite, chuaigh na díospóireachtaí agus na himeachtaí gaolmhara eile go mór chun sochair don 17,000 duine a bhí i láthair ag an gComhdháil (de réir lucht a heagraithe). Ba shuntasach na toscairí ó eagraíochtaí deonacha agus araile ina measc siúd. Tarraingíodh aird na Comhdhála ar an nasc atá idir, cuir i gcás, gnéas agus cine an duine; an bhochtaineacht agus an ciníochas; easláinte/galair éagsúla (go mór mór an SEIF) agus an ciníochas. Seo goirt nár treabhadh go sásúil ina leithéid de chomthéacs idirnáisiúnta cheana. Tugadh fóram agus lucht éisteachta do dhaoine ó gach cearn den domhan a d'fhulaing gnéithe gránna éagsúla den chiníochas ina dtíortha dúchais féin. Pléadh straitéisí – idir shean agus nua – chun dul i ngleic leis an gciníochas. Próiseas tairbheach, comhairleach a bhí ann.

Éifeacht na Comhdhála

Faightear locht ar eagraíochtaí chur chun cinn chearta an duine, scaití, toisc go n-amharctar orthu mar a bheidís i mbaol a mbáite i gcuilthe an idéalachais. Seo líomhain nach bhféireann don tromlach acusan a d'fhreastail ar an gComhdháil ná do na hionadaithe stáit a bhí páirteach sna diandíospóireachtaí a ghin an Ráiteas Domhanda agus an Clár Oibre. Fanadh i mbun na measarthachta agus na féidearthachta, a bhuíochas sin don raidhse tuairimí a nochtadh agus d'ilghnéitheacht chúlraí na gcainteoirí.

Bhí Comhdháil Durban mar thoradh ar réamhchomhdhálacha réigiúnacha agus réamhchruinnithe saineolaithe, a tionóladh le linn na bliana seo caite d'fhonn fócas níos

glinne a thabhairt don phríomhchomhdháil. Cé nach uile-íoc é an Ráiteas, níl an ceirín rófhada ón gcneá ach an oiread. Níl fórsa dlíthiúil ag an Ráiteas, ach mar sin féin, níor chóir beag is fiú a dhéanamh den tábhacht pholaitiúil agus mhorálta a ghleanann de. Lena chois sin, is iomaí treoir a thugann an Ráiteas (mar aon leis an gClár Oibre) do rialtais náisiúnta agus iad ag stó cáil le dul in adharca leis an gciníochas ina dtíortha féin.

Aon uisce amháin a bhaist mórchoinbhinsiúin uile na Náisiún Aontaithe, mar atá, an cuspóir diongbháilte an urraim chuí a thabhairt do dhínit an duine i ngach réimse de shaol an duine ar fud an domhain. Ócáid chóineartaithe a bhí sa Chomhdháil Dhomhanda, mar sin; deis a tapaíodh chun an creideamh domhanda i gcré na cothromaíochta agus an fhrithchiníochais a athnuachan agus a threisiú. Ó fágadh ceartlár trádála an domhain ina shraith ar lár ar an 11ú Meán Fómhair, ámh, tá tábhacht úr leis an dúshlán nuafhógartha atá roimh cheannairí stáit. Is mithid dóibh beart a dhéanamh a bhéarfaidh bua ar a mbriathar!

(Beidh an Ráiteas Domhanda agus an Clár Oibre ar fáil gan mhoill ag:
<http://www.unhchr.ch>)

Tarlach Mac Congáil
